2023/2834

21.12.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2834 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Deireadh Fómhair 2023

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hallmhairí sna hearnálacha ríse, gránach, siúcra agus leannlusanna

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go hairithe Airteagal 5, Airteagal 178, Airteagal 180, Airteagal 182(1) agus (4), Airteagal 190(4) agus Airteagal 223(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([2]), agus go háirithe Airteagal 64(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([3]), agus go háirithe Airteagal 213 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a aisghairm, agus cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ina ionad ([4]). Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leagtar síos rialacha maidir le trádáil táirgí talmhaíochta le tríú tíortha, rátaí comhshó i gcomhair ríse agus cumhachtaítear an Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh ina leith sin. Chun feidhmiú rianúil thrádáil na dtáirgí a áirithiú ó earnálacha ríse, gránach, siúcra agus leannlusanna sa chreat dlíthiúil nua, ní mór rialacha áirithe a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha den sórt sin. Ba cheart na gníomhartha sin a chur in ionad Rialacháin (CE) Uimh. 3330/94 ([5]), (CE) Uimh. 2810/95 ([6]), (CE) Uimh. 951/2006 ([7]), (CE) Uimh. 972/2006 ([8]), (CE) Uimh. 504/2007 ([9]), (CE)

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.
([3]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).
([5]) Rialachán (CE) Uimh. 3330/94 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 1994 maidir leis an rangú gearrthacha áirithe éanlaithe clóis de réir taraife agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (*IO L 350, 31.12.1994, lch. 52*).
([6]) Rialachán (CE) Uimh. 2810/95 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 1995 maidir leis an rangú conablach agus leath-conablach muc de réir taraife agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (*IO L 291, 6.12.1995, lch. 24*).
([7]) Rialachán (CE) Uimh. 951/2006 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 318/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le trádáil le tríú tíortha in earnáil an tsiúcra (IO L 178, 1.7.2006, lch. 24).
([8]) Rialachán (CE) Uimh. 972/2006 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2006 lena leagtar síos na rialacha speisialta is infheidhme maidir le hallmhairiú rís Basmati agus córas rialaithe idirthréimhseach chun tionscnamh na ríse a shocrú (IO L 176, 30.6.2006, lch. 53).
([9]) Rialachán (CE) Uimh. 504/2007 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2007 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm na socruithe le haghaidh dleachtanna breise allmhairiúcháin in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne (IO L 119, 9.5.2007, lch. 7).

Uimh. 1375/2007 ([10]), (CE) Uimh. 402/2008 ([11]), (CE) Uimh. 1295/2008 ([12]), (CE) Uimh. 1312/2008 ([13]), (AE) Uimh. 642/2010 ([14]) ón gCoimisiún, a aisghaireadh leis an Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2023/2835 ([15]).

(2) Foráiltear le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go bhféadfaidh an Coimisiún rátaí comhshó i gcomhair ríse a shocrú ag staideanna éagsúla dá próiseáil (rís gan scilligeadh, scilligthe, leathmheilte nó mhuilleáilte), agus an Rialachán sin á chuir i bhfeidhm, chun luachanna nó cainníochtaí a bhaineann leis na céimeanna sin a chomhshó.

(3) De bhun an Chomhaontaithe trí Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus an India de bhun Airteagal XXVIII de GATT 1994 i ndáil le leasú na lamháltas maidir leis an rís dá ndéantar foráil i Sceideal CXL CE atá i gceangal le GATT 1994, arna fhormheas le Cinneadh 2004/617/CE ón gComhairle ([16]), an dleacht is infheidhme maidir le hallmhairí ríse scilligthe de chineálacha áirithe Basmati ón India, socraíodh ag nialas í.

(4) De bhun an Chomhaontaithe trí Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus an Phacastáin de bhun Airteagal XXVIII de GATT 1994 i ndáil le leasú na lamháltas maidir leis an rís dá ndéantar foráil i Sceideal CXL CE atá i gceangal le GATT 1994, arna fhormheas le Cinneadh 2004/618/CE ón gComhairle ([17]), an dleacht is infheidhme maidir le hallmhairí ríse scilligthe de chineálacha áirithe Basmati de thionscnamh na Pacastáine, socraíodh ag nialas í.

(5) Leis na Comhaontuithe sin, déantar foráil maidir le tabhairt isteach córas rialaithe Aontais bunaithe ar anailís DNA ag an teorainn agus socruithe idirthréimhseacha le haghaidh allmhairí ríse Basmati de na cineálacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 fad a bheidh teacht i bhfeidhm an chórais rialaithe sin ar feitheamh. Toisc nár tugadh an córas rialaithe deifnídeach isteach fós, ba cheart rialacha speisialta idirthréimhseacha a leagan síos.

(6) Chun bheith incháilithe do dhleacht allmhairiúcháin nialais, bainfidh rís Basmati le cineál a shonraítear sna Comhaontuithe sin. Chun a shuí go gcomhlíonann rís Basmati a allmhairítear ag ráta dleachta nialais na saintréithe sin, ba cheart í a chumhdach trí dheimhniú barántúlachta arna tharraingt suas ag na húdaráis inniúla.

(7) Chun cosc a chur le calaois, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le bearta chun cineál na ríse Basmati dearbhaithe a sheiceáil. Chuige sin, ba cheart na forálacha maidir le sampláil a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais chustaim a chur i bhfeidhm.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1375/2007 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2007 maidir le hallmhairí iarmhar ón monarú stáirse as grán buí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 307, 24.11.2007, lch. 5).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 402/2008 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2008 maidir le nósanna imeachta le haghaidh allmhairiú seagail ón Tuirc (IO L 120, 7.5.2008, lch. 3).

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 1295/2008 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 maidir le hallmhairiú leannlusanna ó thríú tíortha (IO L 340, 19.12.2008, lch. 45).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1312/2008 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 lena socraítear na rátaí comhshó, na costais phróiseála agus luach na seachtháirgí sna céimeanna éagsúla den phróiseáil ríse (IO L 344, 20.12.2008, lch. 56).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 642/2010 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2010 maidir le rialacha cur chun feidhme le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dleachtanna allmhairiúcháin in earnáil na ngránach (IO L 187, 21.7.2010, lch. 5).

([15]) Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le hallmhairiúchán sna hearnálacha ríse, gránach, siúcra agus leannlusanna, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 3330/94, (CE) Uimh. 2810/95, (CE) Uimh. 951/2006, (CE) Uimh. 972/2006, (CE) Uimh. 504/2007, (CE) Uimh. 1375/2007, (CE) Uimh. 402/2008, (CE) Uimh. 1295/2008, (CE) Uimh. 1312/2008 agus (AE) Uimh. 642/2010, (CEE) Uimh. 1361/76 (CEE) Uimh. 1842/81, (CEE) Uimh. 3556/87, (CEE) Uimh. 3846/87, (CEE) Uimh. 815/89, (CE) Uimh. 765/2002, (CE) Uimh. 1993/2005, (CE) Uimh. 1670/2006, (CE) Uimh. 1731/2006, (CE) Uimh. 1741/2006, (CE) Uimh. 433/2007, (CE) Uimh. 1359/2007, (CE) Uimh. 1454/2007, (CE) Uimh. 508/2008, (CE) Uimh. 903/2008, (CE) Uimh. 147/2009, (CE) Uimh. 612/2009, (AE) Uimh. 817/2010, (AE) Uimh. 1178/2010, (AE) Uimh. 90/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1373/2013 (IO L, 2023/2835, 21.12.2023, ElI: http://data.europa.eu/eli/...)

([16]) Cinneadh 2004/617/CE ón gComhairle an 11 Lúnasa 2004 maidir le tabhairt i gcríoch Chomhaontaithe trí Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus an India de bhun Airteagal XXVIII de GATT 1994 i ndáil le leasú na lamháltas maidir leis an rís dá ndéantar foráil i Sceideal CXL CE atá i gceangal le GATT 1994 (IO L 279, 28.8.2004, lch. 17).

([17]) Cinneadh 2004/618/CE ón gComhairle an 11 Lúnasa 2004 maidir le tabhairt i gcríoch Chomhaontaithe trí Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus an Phacastáin de bhun Airteagal XXVIII de GATT 1994 i ndáil le leasú na lamháltas maidir leis an rís dá ndéantar foráil i Sceideal CXL CE atá i gceangal le GATT 1994 (IO L 279, 28.8.2004, lch. 23).

(8) Leis na socruithe allmhairiúcháin atá sna Comhaontuithe leis an India agus an bPacastáin le haghaidh rís Basmati, déantar foráil maidir le nós imeachta chun dul i gcomhairle leis an tír is onnmhaireoir i gcás suaite sa mhargadh agus b'fhéidir ráta iomlán dleachta a chur i bhfeidhm mura dtiocfaí ar réiteach sásúil ag deireadh na gcomhairliúchán. Ba cheart an pointe nuair is féidir a mheas go bhfuil an margadh suaite a shainmhíniú.

(9) Chun bainistiú fónta riaracháin na n-allmhairí ríse Basmati a áirithiú, ba cheart rialacha speisialta, sa bhreis orthu siúd a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ([18]) ón gCoimisiún, a ghlacadh maidir le taisceadh iarratas, eisiúint ceadúnas allmhairiúcháin agus an úsáid astu. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme sin a mhéid a bhaineann le méid an urrúis atá bainteach le ceadúnais allmhairiúcháin le haghaidh rís Basmati atá le taisceadh. Ba cheart infheidhmeacht Rialacháin Tarmligthe (AE) 2016/1237 ón gCoimisiún ([19]) a léiriú a mhéid a bhaineann le lamháltas ar chainníocht.

(10) Tá táirgí gránaigh allmhairithe, i gcásanna áirithe, le haicmiú i roinnt cáilíochtaí caighdeánacha. Dá bhrí sin, ba cheart na cáilíochtaí caighdeánacha atá le húsáid a chinneadh trí úsáid a bhaint as critéir ghrádaithe oibiachtúla. Ba cheart rátaí lamháltais a shocrú freisin lena gcumasaítear an grádú cáilíochta is iomchuí a thabhairt do tháirgí. As na critéir ghrádaithe cháilíochta oibiachtúla fhéideartha le haghaidh cruithneacht bhog, is iad cion próitéine, sainmheáchan agus cion ilghnéitheach eisíontais (*Schwarzbesatz*) na critéir is coitianta a úsáidtear i dtrádáil agus is iad na critéir is éasca a úsáid freisin. Tá anailís le déanamh ar ghránaigh allmhairithe dá réir chun na paraiméadair sin le haghaidh gach luchtóg allmhairithe a chinneadh. Mar sin féin, i gcás inar bhunaigh an tAontas nós imeachta aitheantais oifigiúil le haghaidh deimhnithe cáilíochta a eisíonn údarás de chuid thír thionscnaimh na ngránach, ba cheart a bheith in ann na hanailísí sin a dhéanamh trí bhíthin fíorúchán ar líon sách ionadaíoch luchtóg allmhairithe amháin.

(11) Ba cheart go soláthraítear le húsáid luachana le haghaidh cineálacha éagsúla cruithneachta agus le haghaidh gránaigh eile ar mhalartuithe tráchtearraí na Stát Aontaithe bonn trédhearcach agus oibiachtúil araon chun praghsanna allmhairiúcháin costais, árachais agus last-táille (CAL) ionadaíocha a bhunú. I bhfianaise an mhéid lasta a théann tríd, agus an mhéid trádála ag calafort Rotterdam, is é an calafort sin an ceann scríbe san Aontas dá bhfuil luachana muirlasta ar forleithne an t-eolas fúthu, agus is iad na luachana is trédhearcaí agus atá ar fáil ar an mbealach is éasca. Dá bhrí sin ba cheart Rotterdam a roghnú mar an calafort cinn scríbe don Aontas.

(12) Dá réir sin, ar mhaithe leis an trédhearcacht, tá na praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL le bunú ar luachana malartaithe tráchtearra le haghaidh an gránaigh atá i gceist agus ar an bpréimh thráchtála a shanntar don ghránach agus costais mhuirlasta idir Murascaill Mheicsiceo nó na Lochanna Móra agus calafort Rotterdam. Tugann difríochtaí costas lasta de réir an chalafoirt cinn scríbe údar, áfach, le coigeartú ráta comhréidh na dleachta allmhairiúcháin le haghaidh chalafoirt an Aontais lonnaithe ar an Meánmhuir agus ar an Muir Dhubh, ar chósta Atlantach Leithinis na hIbéire, in Éirinn, sna tíortha Nordacha, sna stáit Bhaltacha agus sa Pholainn. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar thosca ríomha na bpraghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL go laethúil ionas gur féidir treocht na bpraghsanna sin a leanúint. I gcás eorna, sorgaim agus seagail, is féidir an staid mhargaidh le haghaidh na dtrí ghránach siúd a mheas mar gheall ar an bpraghas ionadaíoch allmhairiúcháin CAL a ríomhtar do chruithneacht agus dá bharr sin ba cheart feidhm a bheith ag an bpraghas allmhairiúcháin CAL ionadaíoch do chruithneacht maidir leis na trí tháirge sin.

(13) Chun dleachtanna allmhairiúcháin a shocrú ar ghránaigh i gcomhréir le hAirteagal 180 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, is dócha go léireofar tréimhse 10 lá oibre de thaifeadadh na bpraghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL le haghaidh gach gránaigh treochtaí an mhargaidh gan neamhchinnteacht. Ba cheart na tosca a chuirtear san áireamh le haghaidh ríomh na ndleachtanna allmhairiúcháin i gcomhair na dtáirgí sin a fhoilsiú.

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gcóras ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin (IO L 206, 30.7.2016, lch. 44).

([19]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le rialacha cur chun feidhme an chórais ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis na rialacha maidir le scaoileadh agus forghéilleadh urrús arna dtaisceadh le haghaidh na gceadúnas sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2535/2001, (CE) Uimh. 1342/2003, (CE) Uimh. 2336/2003, (CE) Uimh. 951/2006, (CE) Uimh. 341/2007 agus (CE) Uimh. 382/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2390/98, (CE) Uimh. 1345/2005, (CE) Uimh. 376/2008 agus (CE) Uimh. 507/2008 ón gCoimisiún (IO L 206, 30.7.2016, lch. 1).

(14) I gcás allmhairí arbhair Indiaigh chrua, an luachan malartaithe a úsáidtear chun an praghas ionadaíoch allmhairiúcháin CAL ionadaíoch a ríomh, mar gheall ar cháilíocht áirithe na n-earraí nó toisc go bhfuil préimh cháilíochta os cionn an ghnáthphraghais ina bpraghas cheana, is féidir nach gcuirfear san áireamh gur ann do phréimh den sórt sin os cionn na gnáth-théarmaí margaidh. Chun an phréimh cháilíochta sin os cionn praghsanna nó luachana a chur san áireamh, ba cheart allmhaireoirí a léiríonn gur úsáid siad na hearraí chun táirgí ardcháilíochta a tháirgeadh lena dtugtar údar le préimh den sórt sin a a chúiteamh, ag ráta comhréidh, le haghaidh cuid den dleacht allmhairiúcháin a íocadh.

(15) Chun luachana ionadaíocha malartaithe do ghrán buí a choinneáil ar bun ar mhargadh na Stát Aontaithe, i bhfianaise, le himeacht na mblianta, gur tháinig laghdú suntasach ar ghníomhaíocht sa mhargadh do Yellow Corn Uimh. 3, tá gá le cineál tagartha nua lena soláthraítear dearbhuithe leachtacht leordhóthanach an mhargaidh chun dleachtanna allmhairiúcháin a ríomh. Ba cheart gurb é Yellow Corn Uimh. 2 an cineál tagartha nua sin.

(16) Faoi chuimsiú GATT, d'aontaigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe soiléiriú a thabhairt ar shainmhíniú taraife na n-iarmhar ó mhonarú stáirse as grán buí. Tá allmhairí na dtáirgí sin isteach san Aontas faoi réir anailís saotharlainne chun a gcomhréireacht leis an sainmhíniú taraife a fhíorú. Tá an tSeirbhís Fheidearálach um Chigireacht Ghráin (Federal Grain Inspection Service (FGIS)) de Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe agus tionscal muilleála fliche na Stát Aontaithe, faoi athbhreithniú tráthrialta údaráis na Stát Aontaithe, le deimhniú go bhfuil allmhairí na dtáirgí sin ó na Stáit Aontaithe isteach san Aontas i gcomhréir leis an sainmhíniú comhaontaithe.

(17) Chun a áirithiú go gcomhlánaíonn na hallmhaireoirí na forálacha sonracha den Rialachán seo a mhéid a bhaineann le hallmhairiú, ba cheart ráthaíocht a éileamh orthu.

(18) Ba cheart d'údaráis chustaim leanúint le comhréireacht allmhairí iarmhar ón monarú stáirse as grán buí ó na Stáit Aontaithe a sheiceáil ar bhonn córas deimhnithe a bhunaítear leis an Rialachán seo.

(19) Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú an oiread is féidir, agus cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha sa Rialachán seo a áirithiú an tráth céanna, ba cheart an ceanglas ar na Ballstáit cainníochtaí agus luach na dtáirgí a allmhairítear ar bhonn míosúil faoi chumhdach deimhnithe comhréireachta a chur in iúl don Choimisiún a scriosadh.

(20) Le Rialachán (CE) Uimh. 2008/97 ón gComhairle ([20]), ghlac an Chomhairle rialacha maidir le cur i bhfeidhm socruithe speisialta le haghaidh allmhairí seagail ón Tuirc a leagtar síos sa Phrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc.

Leis na socruithe speisialta sin, déantar foráil, faoi choinníollacha áirithe, maidir le laghdú ar dhleacht allmhairiúcháin ar sheagal ón Tuirc. Chuige sin, ba cheart d'oibreoirí cruthúnas a sholáthar gur íocadh iarbhír dleacht onnmhairiúcháin speisialta atá iníoctha ag an onnmhaireoir.

(21) Is iomchuí a shocrú, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialacháin (CE) Uimh. 2008/97, an nós imeachta chun íocaíocht na táille onnmhairiúcháin speisialta a chruthú.

(22) Chun éifeachtaí díobhálacha ar mhargadh an Aontais a chosc nó a ghníomhú ina n-aghaidh, éifeachtaí a d'fhéadfadh a theacht as allmhairí táirgí san earnáil siúcra agus na hallmhairí sin déanta ag praghas faoin leibhéal a chuir an tAontas in iúl don Eagraíocht Dhomhanda Trádála, is gá dleachtanna allmhairiúcháin breise a chur i bhfeidhm.

(23) Chun na dleachtanna allmhairiúcháin breise i gcomhair tháirgí na hearnála siúcra a chur i bhfeidhm, ní mór praghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta atá i gceist a chur san áireamh. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart gurb é an praghas allmhairiúcháin CAL praghas costais, árachais agus lasta na coinsíneachta a seachadadh ag teorainn na tíre allmhairiúcháin. Ní mór an praghas allmhairiúcháin CAL a chinneadh agus a sheiceáil in aghaidh na bpraghsanna ionadaíocha le haghaidh an táirge lena mbaineann ar an margadh domhanda agus ar mhargadh allmhairiúcháin an Aontais don táirge sin. Chuige sin, is gá na critéir a bhunú chun praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL a chinneadh le haghaidh na dtáirgí a bhféadfaí dleacht allmhairiúcháin breise a chur i bhfeidhm orthu. Chun na praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL a chinneadh, ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis uile atá ar fáil dó a chur san áireamh.

([20]) Rialachán (CE) Uimh. 2008/97 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1997 lena leagtar síos rialacha áirithe maidir le cur i bhfeidhm socruithe speisialta d'allmhairí ola olóige agus táirgí talmhaíochta áirithe eile de thionscnamh na Tuirce (IO L 284, 16.10.1997, lch. 17).

(24) Soláthraítear le Cuid II de hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 na sainmhínithe teicniúla a bhaineann leis an earnáil siúcra.

(25) Le hAirteagal 190(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foráiltear nach féidir táirgí na hearnála leannlusanna ó thríú tíortha a allmhairiú ach amháin má tá a gcaighdeáin cháilíochta ar a laghad coibhéiseach leis na caighdeáin a glacadh le haghaidh táirgí comhchosúla a bhuaintear agus/nó a tháirgtear laistigh den Aontas. Le hAirteagal 190(2) den Rialachán sin, áfach, foráiltear gur cheart a mheas go gcomhlíonann na táirgí sin na caighdeáin sin má ghabhann fianú coibhéise leo a d'eisigh údaráis inniúla na tíre tionscnaimh agus má aithnítear mar choibhéiseach leis an deimhniú a cheanglaítear le haghaidh margú leannlusanna agus táirgí leannlusanna de thionscnamh an Aontais. Chun seiceáil na bhfianuithe coibhéise a eisíonn tríú tíortha le haghaidh allmhairiú táirgí na hearnála leannlusanna isteach san Aontas a éascú, ba cheart don Choimisiún na comhlachtaí inniúla a dtugann tríú tíortha fógra fúthu a liostú agus a chur ar fáil don phobal chun doiciméid den sórt sin a tharraingt suas.

(26) Ba cheart an fianú coibhéise a tharraingt suas i bhfoirm leictreonach agus ríomhshíniú an chomhlachta eisiúna a bheith air.

(27) Chun an inrianaitheacht a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis atá le stampáil ar gach aonad pacáistíochta a gcumhdaíonn fianú coibhéise é chun roinnt faisnéise faoi shaintréithe an táirge a sholáthar chomh maith le nasc leis an bhfianú a chumhdaíonn an táirge.

(28) Chun inrianaitheacht iomlán tháirgí na hearnála leannlusanna a áirithiú, ba cheart rialacha a ghlacadh maidir le cásanna ina roinntear coinsíneacht a gcumhdaíonn fianú coibhéise í roimh a teacht i saorchúrsaíocht. Má athdhíoltar nó má roinntear coinsíneacht tar éis gur scaoileadh i saorchúrsaíocht í, ba cheart doiciméad tráchtála a tharraing an díoltóir suas a bheith i gceangal léis an táirge, doiciméad tráchtála ina bhfuil faisnéis áirithe ón bhfianú coibhéise den choinsíneacht bhunaidh.

(29) Is minic go gceanglaítear le trádáil táirgí talmhaíochta áirithe idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe go mbeadh doiciméid a dheimhníonn cur chun feidhme foirmiúlachtaí áirithe (rud ar a dtugtar 'foirmiúlachtaí neamhchustaim') a cheanglaítear le reachtaíocht talmhaíochta an Aontais, ag gabháil leis na táirgí sin le haghaidh allmhairí, san fhoirm pháipéir faoi láthair go príomha. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an próiseas iomlán a dhigitiú trí chóras leictreonach a bhunú i gcomhair foirmiúlachtaí neamhchustaim AS AGRI (ELAN) bunaithe ar TRACES.NT agus atá nasctha leis an Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a bhunaítear le Rialachán 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]). Déanfaidh ELAN na próisis dhigiteacha a shainmhíniú sa todhchaí agus cuirfidh sé é ar a gcumas d'úsáideoirí na doiciméid is gá a eisiúint, a stóráil agus a fháil ar ais. Roinnfear ELAN ina dhá chuid agus beidh i gcuid 2, ar a dtugtar ELAN2-C, i measc cinn eile, doiciméid dhifriúla freisin a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835. Tar éis na próisis dhigiteacha sin a shainmhíniú, leasófar forálacha dlíthiúla an dá Rialachán dá réir.

(30) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

([21]) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

RÍS

ROINN 1

Rátaí Comhshó le haghaidh Ríse

Airteagal 1

Rátaí comhshó

1. Beidh an ráta comhshó idir rís scilligthe agus rís gan scilligeadh mar a leanas:

Rís scilligthe	Rís gan scilligeadh
1	1,25

2. Beidh an ráta comhshó idir rís scilligthe agus rís mhuilleáilte mar a leanas:

	Rís scilligthe	Rís mhuilleáilte
Rís chruinnghránach	1	0,775
Rís mheánghránach nó fhadghránach	1	0,69

3. Beidh an ráta comhshó idir rís mhuilleáilte agus rís leathmheilte mar a leanas:

	Rís mhuilleáilte	Rís leathmheilte
Rís chruinnghránach	1	1,065
Rís mheánghránach nó fhadghránach	1	1,072

Airteagal 2

Costais phróiseála

1. Beidh na costais phróiseála atá le cur san áireamh nuair a chomhshóitear rís gan scilligeadh go rís scilligthe EUR 47.13 in aghaidh an tona ríse gan scilligeadh.

2. Beidh na costais phróiseála atá le cur san áireamh nuair a chomhshóitear rís scilligthe go rís mhuilleáilte EUR 47.13 in aghaidh an tona ríse scilligthe.

3. Ní chuirfear costais phróiseála chun rís leathmheilte a chomhshó go rís mhuilleáilte san áireamh.

Airteagal 3

Luach na seachtháirgí

1. Measfar gur nialas luach na seachtháirgí a fhaightear as rís gan scilligeadh a phróiseáil go rís scilligthe.

2. Beidh luach na seachtháirgí a fhaightear as rís scilligthe a phróiseáil go rís mhuilleáilte:

(a) EUR 41.00 in aghaidh an tona ríse cruinnghránaí scilligthe;

(b) EUR 52.00 in aghaidh an tona ríse meánghránaí nó fadghránaí scilligthe.

3. Beidh luach na seachtháirgí a fhaightear as rís leathmheilte a phróiseáil go rís mhuilleáilte:

(a) EUR 12.62 in aghaidh an tona ríse cruinnghránaí leathmheilte;

(b) EUR 14.05 in aghaidh an tona ríse meánghránaí nó fadghránaí leathmheilte.

Airteagal 4

Comhshó luacha

1. Comhshófar luach cainníochta ríse scilligthe go luach na cainníochta céanna ríse ag céim eile phróiseála ar bhonn rís scilligthe a bhfuil rís bhriste 3 % di. Má tá níos mó ná 3 % de rís bhriste atá sa rís scilligthe, déanfar an comhshó tar éis coigeartú a dhéanamh ar bhonn luach EUR 110 in aghaidh an tona ríse briste.

2. Comhshófar luach cainníochta ríse leathmheilte nó muilleáilte go luach na cainníochta céanna ríse ag céim eile phróiseála ar bhonn nach mbíonn rís bhriste i rís leathmheilte nó rís mhuilleáilte.. Má tá rís bhriste in aon rís leathmheilte nó rís mhuilleáilte, déanfar an comhshó tar éis coigeartú a dhéanamh ar bhonn luach EUR 150 in aghaidh an tona ríse briste.

3. Ní dhéanfar na coigeartuithe dá ndéantar foráil i míreanna 1 agus 2 i gcás ina mbíonn na praghsanna ríse scilligthe agus na praghsanna ríse leathmheilte nó muilleáilte a chuirtear san áireamh chun na tobhaigh a shocrú níos ísle ná:

(a) EUR 110 in aghaidh an tona ríse scilligthe;

(b) EUR 150 in aghaidh an tona ríse leathmheilte nó muilleáilte.

Airteagal 5

Comhshó luacha

1. Déanfar comhshó an luacha cainníochta ríse scilligthe go luach na cainníochta céanna ríse gan scilligeadh trí:

(a) an luach atá le comhshó a roinnt ar an ráta a shocraítear in Airteagal 1(1) le haghaidh rís gan scilligeadh; agus

(b) an méid a fhaightear ar an mbealach sin a laghdú leis na costais phróiseála a shocraítear in Airteagal 2(1).

Déanfar comhshó an luacha cainníochta ríse gan scilligeadh go luach na cainníochta céanna ríse scilligthe trí:

(a) an luach atá le comhshó a mhéadú leis na costais phróiseála a shocraítear in Airteagal 2(1); agus

(b) an méid a fhaightear ar an mbealach sin a iolrú faoin ráta a shocraítear in Airteagal 1(1) le haghaidh rís gan scilligeadh.

2. Déanfar comhshó an luacha cainníochta ríse scilligthe go luach na cainníochta céanna ríse muilleáilte trí:

(a) an luach atá le comhshó a mhéadú leis na costais phróiseála a shocraítear in Airteagal 2(2);

(b) an luach atá le comhshó a laghdú le luach na seachtháirgí a shocraítear in Airteagal 3(2); agus

(c) an méid a fhaightear ar an mbealach sin a roinnt ar an ráta a shocraítear in Airteagal 1(2) le haghaidh rís mhuilleáilte.

Déanfar comhshó an luacha cainníochta ríse muilleáilte go luach na cainníochta céanna ríse scilligthe trí:

(a) an luach atá le comhshó a iolrú faoin ráta a shocraítear in Airteagal 1(2) le haghaidh rís mhuilleáilte;

(b) an méid a fhaightear ar an mbealach sin a laghdú leis na costais phróiseála a shocraítear in Airteagal 2(2); agus

(c) an méid a fhaightear ar an mbealach sin a mhéadú le luach na seachtháirgí a shocraítear in Airteagal 3(2).

3. Déanfar comhshó an luacha cainníochta ríse muilleáilte go luach na cainníochta céanna ríse leathmheilte trí:

(a) an luach atá le comhshó a roinnt ar an ráta a shocraítear in Airteagal 1(3) le haghaidh rís leathmheilte; agus

(b) an méid a fhaightear ar an mbealach sin a mhéadú le luach na seachtháirgí a shocraítear in Airteagal 3(3).

Déanfar comhshó an luacha cainníochta ríse leathmheilte go luach na cainníochta céanna ríse muilleáilte trí:

(a) an luach atá le comhshó a laghdú le luach na seachtháirgí a shocraítear in Airteagal 3(3); agus

(b) an méid a fhaightear ar an mbealach sin a iolrú faoin ráta a shocraítear in Airteagal 1(3) le haghaidh rís leathmheilte an ghrúpa atá i gceist.

Airteagal 6

Comhshó cainníochta

1. Déanfar comhshó cainníochta ríse scilligthe go cainníocht chomhfhreagrach ríse gan scilligeadh nó muilleáilte tríd an gcainníocht atá le comhshó a iolrú faoin ráta a shocraítear in Airteagal 1(1) le haghaidh rís gan scilligeadh, nó faoin ráta a shocraítear in Airteagal 1(2) le haghaidh rís mhuilleáilte, de réir mar a bheidh.

Déanfar comhshó cainníochta ríse gan scilligeadh nó muilleáilte go cainníocht chomhfhreagrach ríse scilligthe tríd an gcainníocht atá le comhshó a roinnt ar an ráta a shocraítear in Airteagal 1(1) le haghaidh rís gan scilligeadh, nó ar an ráta a shocraítear in Airteagal 1(2) le haghaidh rís mhuilleáilte, de réir mar a bheidh.

2. Déanfar comhshó cainníochta ríse muilleáilte go cainníocht chomhfhreagrach ríse leathmheilte tríd an gcainníocht atá le comhshó a iolrú faoin ráta a shocraítear in Airteagal 1(3) le haghaidh rís leathmheilte.

Déanfar comhshó cainníochta ríse leathmheilte go cainníocht chomhfhreagrach ríse muilleáilte tríd an gcainníocht atá le comhshó a roinnt ar an ráta a shocraítear in Airteagal 1(3) le haghaidh rís leathmheilte.

ROINN 2

Rialacha Speisialta le haghaidh Allmhairí Ríse Basmati

Airteagal 7

Rialacha is infheidhme

Beidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

Airteagal 8

Iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin

Beidh na mionsonraí seo a leanas in iarratais ar cheadúnas allmhairiúcháin le haghaidh rís Basmati dá dtagraítear in Airteagal 176(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

(a) i mbosca 8, léiriú ar an tír thionscnaimh agus an focal 'tá' marcáilte le cros;

(b) i mbosca 20, ceann amháin de na hiontrálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 9

Deimhniú barántúlachta

1. Déanfar an deimhniú barántúlachta dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 a tharraingt suas ar fhoirm i gcomhréir leis an sampla a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Foilseofar téacs na foirme i dteangacha eile an Aontais i sraith C *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Féadfar na deimhnithe barántúlachta a stóráil agus a chur ar fáil don phobal i gcóras leictreonach ELAN atá le bunú ag an gCoimisiún.

2. Coimeádfaidh an t-údarás eisiúna ceadúnas a eisíonn an ceadúnas allmhairiúcháin bunchóip an deimhnithe barántúlachta agus tabharfaidh sé dúblach don iarratasóir.

Beidh an deimhniú barántúlachta bailí ar feadh 90 lá ón dáta a eiseofar é.

Ní bheidh sé bailí ach amháin má tá na boscaí líonta isteach go cuí agus má tá sé sínithe.

Airteagal 10

Ceadúnais allmhairiúcháin

1. Beidh na mionsonraí seo a leanas i gceadúnais allmhairiúcháin le haghaidh rís Basmati:

(a) i mbosca 8, léiriú ar an tír thionscnaimh agus an focal 'tá' marcáilte le cros;

(b) i mbosca 20, ceann amháin de na hiontrálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. Beidh dúblach an deimhnithe barántúlachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) i gceangal leis an gceadúnas allmhairiúcháin. Má eisítear an ceadúnas mar dhoiciméad leictreonach, féadfaidh an t-údarás a eisíonn an ceadúnas dúblach an deimhnithe barántúlachta a aistriú chuig na húdaráis chustaim trí mheán leictreonach.

3. De mhaolú ar Airteagal 5(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, beidh an t-urrús a bhaineann le ceadúnais allmhairiúcháin le haghaidh rís Basmati cothrom le EUR 70 in aghaidh an tona.

Airteagal 11

Lamháltas ar chainníocht

I gcomhréir le hAirteagal 5(5), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237, beidh an lamháltas ar chainníocht cothrom le 0 %.

Airteagal 12

Fógra faoi chainníochtaí

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún:

(a) tráth nach déanaí ná 2 lá oibre tar éis diúltaithe, faoi na cainníochtaí ar diúltaíodh iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin le haghaidh rís Basmati ina leith, agus léiriú ar dháta an diúltaithe agus na forais leis, an cód AC, an tír thionscnaimh, an comhlacht eisiúna agus uimhir an deimhnithe barántúlachta, chomh maith le hainm agus seoladh an tsealbhóra;

(b) tráth nach déanaí ná 2 lá oibre tar éis a n-eisiúna, faoi na cainníochtaí ar eisíodh iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin le haghaidh rís Basmati ina leith, agus léiriú ar an dáta, an cód AC, an tír thionscnaimh, an comhlacht eisiúna agus uimhir an deimhnithe barántúlachta, chomh maith le hainm agus seoladh an tsealbhóra;

(c) i gcás cealú ceadúnais, tráth nach déanaí ná 2 lá oibre tar éis cealaithe, faoi na cainníochtaí ar cealaíodh ceadúnais ina leith agus ainmneacha agus seoltaí sealbhóirí na gceadúnas cealaithe;

(d) ar lá deireanach oibre de gach mí tar éis mhí an scaoilte i saorchúrsaíocht, faoi na cainníochtaí a scaoileadh i saorchúrsaíocht iarbhír, agus léiriú ar an gcód AC, an tír thionscnaimh, an comhlacht eisiúna agus uimhir an deimhnithe barántúlachta.

Déanfar na fógraí i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún ([22]) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ([23]).

Airteagal 13

Seiceálacha samplacha ar rís Basmati allmhairithe

1. I gcomhthéacs seiceálacha randamacha nó seiceálacha lena spriocdhírítear ar oibríochtaí lena mbaineann riosca calaoise, tógfaidh na Ballstáit samplaí ionadaíocha de rís Basmati allmhairithe i gcomhréir le hAirteagal 238 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([24]). Seolfar na samplaí chuig an gcomhlacht inniúil sa tír thionscnaimh, rud a chuirfidh an Coimisiún ar fáil don phobal ar a shuíomh gréasáin, le haghaidh tástáil chineáil DNA-bhunaithe.

Féadfaidh na Ballstáit tástálacha cineáil a dhéanamh ar an sampla céanna i saotharlann de chuid an Aontais.

2. Má léirítear le torthaí de cheann de na tástálacha dá dtagraítear i mír 1 nach gcomhfhreagraíonn an táirge a ndearnadh anailís air don mhéid a léiríodh ar an deimhniú barántúlachta, beidh feidhm ag an dleacht allmhairiúcháin ar rís scilligthe a thagann faoi réim chód AC 1006 20, dá bhforáiltear leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus na Stáit Aontaithe a bhaineann le modh ríofa na ndleachtanna a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an rís scilligthe, agus a fhormheastar le Cinneadh 2005/476/CE ón gComhairle ([25]).

Más ann, áfach, suas le 5 % de rís scilligthe a thagann faoi réim chód AC 1006 20 17 nó chód AC 1006 20 98 nach gcomhfhreagraíonn le haon cheann de na cineálacha a liostaítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 glacfar leis.

([22]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid (IO L 171, 4.7.2017, lch. 100).

([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).

([24]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonracha maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

([25]) Cinneadh 2005/476/CE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a mhéid a bhaineann le modh ríofa na ndleachtanna a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an rís scilligthe, agus lena leasaítear Cinntí 2004/617/CE, 2004/618/CE agus 2004/619/CE (IO L 170, 1.7.2005, lch. 67).

3. Má léirítear leis na tástálacha dá dtagraítear i mír 1 nó le faisnéis eile atá ar fáil don Choimisiún fadhb thromchúiseach agus mharthanach a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta rialaithe a chuireann comhlacht inniúil sa tír thionscnaimh i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis inniúla sa tír lena mbaineann. Mura dtiocfaidh réiteach sásúil as na teagmhálaithe sin, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh ráta dleachta allmhairiúcháin le haghaidh rís scilligthe a thagann faoi réim chód AC 1006 20 a chur i bhfeidhm, dá bhforáiltear leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhaineann le modh ríofa na ndleachtanna a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an rís scilligthe, a fhormheastar le Cinneadh 2005/476/CE agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialacháin seo agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 .

Airteagal 14

Suaitíí sa mhargadh

1. Measfar go bhfuil an margadh ríse suaite nuair a thugtar faoi deara go bhfuil, *inter alia*, méadú substaintiúil ar allmhairí ríse Basmati le haghaidh ráithe amháin den bhliain i gcomparáid leis an ráithe roimhe sin agus nach bhfuil aon mhíniú sásúil ann.

2. I gcás ina maireann suaitheadh an mhargaidh ríse agus mura dtiocfaidh réiteach sásúil as comhairliúcháin an Choimisiúin leis na tíortha onnmhairithe lena mbaineann, maidir leis an an dleacht allmhairiúcháin le haghaidh rís scilligthe a thagann faoi réim chód AC 1006 20, dá bhforáiltear leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhaineann le modh ríofa na ndleachtanna a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an rís scilligthe, a fhormheastar le Cinneadh 2005/476/CE, féadfar í a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí ríse Basmati freisin, trí chinneadh an Choimisiúin, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i Roinn 2 de Chaibidil 1 den Rialachán seo agus i Roinn 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 .

CAIBIDIL 2

GRÁNAIGH

ROINN 1

Dleachtanna Allmhairiúcháin ar Ghránaigh

Airteagal 15

Dleachtanna allmhairiúcháin

1. De mhaolú ar rátaí dleachta allmhairiúcháin sa Chomhtharaif Chustaim, beidh an dleacht allmhairiúcháin ar tháirgí gránaigh a thagann faoi réim chóid AC 1001 11 00, 1001 19 00, ex 1001 91 20, ex 1001 99 00, 1002 10 00, 1002 90 00, 1005 10 90, 1005 90 00, 1007 10 90 agus 1007 90 00 cothrom leis an bpraghas idirghabhála ar allmhairiú, méadaithe faoi 55 %, lúide an praghas allmhairiúcháin CAL a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 17(1) is infheidhme maidir leis an gcoinsíneacht atá i gceist. Mar sin féin, ní féidir gur mó an dleacht allmhairiúcháin sin ná an ráta caighdeánach dleachta arna chinneadh ar bhonn na hAinmníochta Comhcheangailte.

2. Chun an dleacht allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 1 a ríomh, bunófar praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL ar bhonn tráthrialta le haghaidh na dtáirgí dá dtagraítear sa mhír sin.

3. Is éard a bheidh sna rátaí dleachta na Comhtharaife Custaim dá dtagraítear i mír 1 na rátaí is infheidhme an dáta dá dtagraítear in Airteagal 172(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 16

Dleachtanna allmhairiúcháin a shocrú

1. Ríomhfaidh an Coimisiún an dleacht allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(1) ar bhonn laethúil.

Is é an praghas idirghabhála a bheidh le húsáid chun dleacht allmhairiúcháin a ríomh EUR 101,31 in aghaidh an tona.

Is é an praghas ionadaíoch allmhairiúcháin CAL laethúil a chinntear tríd an modh dá ndéantar foráil in Airteagal 19 a bheidh sa phraghas allmhairiúcháin CAL chun an dleacht allmhairiúcháin a ríomh.

2. An dleacht allmhairiúcháin le haghaidh na dtáirgí gránaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(1) a shocraíonn an Coimisiún, socrófar é cothrom le meán na ndleachtanna allmhairiúcháin a ríomhtar le linn na 10 lá oibre roimhe sin.

Socróidh an Coimisiún an dleacht allmhairiúcháin má tá difríocht de bhreis agus EUR 5 in aghaidh an tona de mheán na ndleachtanna allmhairiúcháin a ríomhadh le linn na 10 lá oibre roimhe sin i gcomparáid leis an dleacht atá i bhfeidhm, lena n-áirítear i gcás inarb é nialas an dleacht allmhairiúcháin.

Foilseofar méid na dleachta allmhairiúcháin socraithe agus na fachtóirí a úsáideadh chun iad a ríomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an dleacht allmhairiúcháin socraithe ón dáta foilsithe go dtí go socrófar dleacht allmhairiúcháin nua agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm.

3. I gcás ina bhfuil an calafort díluchtaithe san Aontas lonnaithe:

(a) ar an Meánmhuir (níos faide ná Caolas Ghiobráltar) nó ar an Muir Dhubh agus san áit ina dtagann na hearraí isteach tríd an Aigéan Atlantach nó tríd an gCanáil Shuais, laghdóidh an Coimisiún an dleacht allmhairiúcháin faoi EUR 3 in aghaidh an tona;

(b) ar chósta Atlantach Leithinis na hIbéire, in Éirinn, sa Danmhairg, san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn, san Fhionlainn agus sa tSualainn agus san áit ina dtagann na hearraí isteach tríd an Aigéan Atlantach, laghdóidh an Coimisiún an dleacht allmhairiúcháin faoi EUR 2 in aghaidh an tona.

Eiseoidh an t-údarás custaim ag an gcalafort díluchtaithe doiciméad díluchtaithe i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn IV lena bhfianaítear cainníocht gach táirge díluchtaithe. Chun go ndeonófar an laghdú dleachta allmhairiúcháin dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, gabhfaidh an doiciméad díluchtaithe leis na hearraí go dtí go gcuirfear na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin custaim i gcrích.

Féadfar an doiciméad thuas a stóráil agus a chur ar fáil don phobal i gcóras leictreonach ELAN atá le bunú ag an gCoimisiún.

4. Maidir le táirgí gránaigh de thionscnamh Cheanada a thagann faoi réim chóid AC 1001 11 00, 1001 19 00, ex 1001 99 00 (cruithneacht bhog ardcháilíochta seachas síol), 1002 10 00 agus 1002 90 00, beidh an dleacht allmhairiúcháin cothrom le céatadán den dleacht a shocraítear i gcomhréir le mír 2 agus, más iomchuí, mír 3. Leagtar an céatadán atá le cur i bhfeidhm amach in Iarscríbhinn V. Slánófar an dleacht allmhairiúcháin síos go dtí an EUR 0.001 is gaire ar a laghad.

Airteagal 17

Arbhar Indiach crua

1. Laghdófar dleachtanna allmhairiúcháin faoi EUR 24 in aghaidh an tona maidir le harbhar Indiach crua a chomhlíonann na sonraíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn VI.

2. Chun tairbhiú den laghdú dá ndéantar foráil i mír 1, próiseálfar arbhar Indiach crua i dtáirge de chóid AC 1904 10 10, 1103 13 nó 1104 23 laistigh de 6 mhí ó dháta glactha iontrála le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas.

3. Beidh feidhm dá réir sin ag na forálacha maidir le húsáid deireadh na dtáirgí allmhairithe ó Airteagail 254(1), (4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

4. An ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 beidh sí cothrom le EUR 24 in aghaidh an tona.

Má tá, áfach, an dleacht allmhairiúcháin is infheidhme ar dháta glactha an dearbhaithe de scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas níos lú na EUR 24 in aghaidh tona gráin bhuí, beidh an ráthaíocht shonrach cothrom le méid na dleachta allmhairiúcháin.

Airteagal 18

Caighdeáin cháilíochta le haghaidh cruithneacht bhog, cruithneacht chrua, agus arbhar Indiach crua

Is iad na caighdeáin aicmithe um cháilíocht táirgí atá le comhlíonadh ar allmhairiú san Aontas, agus na lamháltais atá inghlactha san anailís a chuirtear i bhfeidhm i dtreo an aicmithe sin iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

Airteagal 19

Praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL le haghaidh cruithneacht bhog agus grán buí ardcháilíochta seachas síol

1. Le haghaidh cruithneacht bhog agus grán buí ardcháilíochta seachas síol a thagann faoi réim chóid AC dá dtagraítear in Airteagal 15(1), is iad na comhpháirteanna lena gcinnfear na praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL dá dtagraítear in Airteagal 15(2):

(a) an luachan ionadaíoch malartaithe ar mhargadh na Stát Aontaithe;

(b) na préimheanna tráchtála agus lascainí aitheanta a ghabhann leis an luachan sin i margadh na Stát Aontaithe ar lá na luachana;

(c) muirlasta agus costais lena mbaineann idir na Stáit Aontaithe (Murascaill Mheicsiceo nó Duluth) agus calafort Rotterdam i gcomhair soitheach de mheáchan 25 000 tona ar a laghad.

2. Déanfaidh an Coimisiún taifead gach lá oibre:

(a) ar an gcomhpháirt dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ó na malartuithe agus trí úsáid a bhaint as na cineálacha tagartha a leagtar síos in Iarscríbhinn VII;

(b) ar na comhpháirteanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c), ó fhaisnéis atá ar fáil go poiblí.

3. D'fhonn an chomhpháirt dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), nó an luachan ábhartha saor ar bord a ríomh, beidh feidhm ag préimh EUR 14 in aghaidh an tona cruithneachta boige ardcháilíochta.

4. Is í suim na gcomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 1 a bheidh sna praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL le haghaidh cruithneacht bhog agus grán buí ardcháilíochta seachas síol.

Is iad na praghsanna ionadaíocha allmhairiúcháin CAL le haghaidh cruithneacht chrua ardcháilíochta, síol cruithneachta chrua agus síol cruithneachta boige a bheidh sa phraghas a ríomhtar le haghaidh cruithneacht bhog ardcháilíochta.

Is é an praghas ionadaíoch allmhairiúcháin CAL le haghaidh cruithneacht chrua mheáncháilíochta agus cruithneacht chrua ísealcháilíochta a bheidh sa phraghas a ríomhtar le haghaidh cruithneacht bhog ardcháilíochta, maidir lena mbeidh feidhm ag lascaine EUR 10 in aghaidh an tona le haghaidh cruithneacht chrua mhéancháilíochta, agus lascaine EUR 30 in aghaidh an tona le haghaidh cruithneacht chrua ísealcháilíochta.

Is é an praghas ionadaíoch allmhairiúcháin CAL le haghaidh sorgaim seachas síol, síol sorgaim a thagann faoi réim chód AC 1007 10 90, seagal seachas síol, síol seagail agus síol gráin bhuí a thagann faoi réim chód AC 1005 10 90 a bheidh sa phraghas a ríomhtar le haghaidh grán buí seachas síol.

Airteagal 20

Ráthaíocht le haghaidh allmhairithe

1. Le haghaidh cruithneacht bhog ardcháilíochta, an ráthaíocht shonrach dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 le taisceadh leis an údarás custaim ar dháta glactha an dearbhaithe maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas, beidh sí ar mhéid EUR 95 in aghaidh an tona.

2. Le haghaidh cruithneacht chrua, an ráthaíocht shonrach dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 is éard a bheidh inti an difríocht ar lá glactha an dearbhaithe maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas idir an dleacht allmhairiúcháin is airde agus an ceann sin is infheidhme maidir leis an gcáilíocht a léirítear, móide forlíonadh EUR 5 in aghaidh an tona.

Airteagal 21

Sampláil le haghaidh ríomh na dleachta allmhairiúcháin

1. Tógfaidh an oifig custaim um scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas samplaí ionadaíocha, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún ([26]), gach coinsíneachta de chruithneacht bhog ardcháilíochta (seachas síol), de chruithneacht chrua agus d'arbhar Indiach crua. Ní dhéanfar sampláil, áfach, i gcás gurb ionann an dleacht allmhairiúcháin le haghaidh na gcáilíochtaí éagsúla.

Má aithníonn, áfach, an Coimisiún deimhniú cáilíochta go hoifigiúil le haghaidh cruithneacht bhog, cruithneacht chrua nó arbhar Indiach crua ardcháilíochta a d'eisigh tír thionscnaimh na ngránach, ní thógfar samplaí chun an cháilíocht deimhnithe a fhíorú ach amháin ó líon coinsíneachtaí sách ionadaíoch.

2. Aithneoidh an Coimisiún na deimhnithe comhréireachta seo a leanas go hoifigiúil de bhun na bprionsabal a leagtar síos in Airteagail 58 agus 59 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447:

(a) deimhnithe a d'eisigh Servicio Nacional de Sanidad y Calidad Agroalimentaria (Senasa) na hAirgintíne le haghaidh arbhar Indiach crua;

(b) deimhnithe a d'eisigh Seirbhís Fheidearálach um Chigireacht Ghráin (Federal Grain Inspection Service (FGIS)) na Stát Aontaithe le haghaidh cruithneacht chrua ardcháilíochta;

(c) deimhnithe a d'eisigh Coimisiún Ceanadach um Ghrán (CGC) Ceanada le haghaidh cruithneacht bhog ardcháilíochta agus cruithneacht chrua ardcháilíochta.

Tá sampla bán na ndeimhnithe comhréireachta a d'eisigh Senasa in Iarscríbhinn VIII. Foilseofar macasamhail na stampaí a d'údaraigh rialtas na hAirgintíne in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Tá samplaí bána na ndeimhnithe comhréireachta agus na stampaí a d'eisigh FGIS in Iarscríbhinn IX.

Tá samplaí bána na ndeimhnithe comhréireachta, na sonraíochtaí onnmhairiúcháin agus na stampaí a d'eisigh CGC in Iarscríbhinn X.

Féadfar na deimhnithe comhréireachta a stóráil agus a chur ar fáil i gcóras leictreonach ELAN atá le bunú ag an gCoimisiún.

Nuair a léiríonn na paraiméadair anailíseacha a cuireadh isteach sna deimhnithe comhréireachta a d'eisigh na heintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír comhréireacht leis na caighdeáin cháilíochta le haghaidh cruithneacht bhog, cruithneacht chrua agus arbhar Indiach crua ardcháilíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, tógfar samplaí de 3 % de na lastaí ar a laghad a thagann isteach chuig gach calafort iontrála le linn na bliana margaíochta.

Aicmeofar na hearraí sa cháilíocht chaighdeánach a gcomhlíonfar na ceanglais uile a leagtar síos in Iarscríbhinn VI ina leith.

3. Beidh feidhm ag na modhanna tagartha caighdeánacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240 ón gCoimisiún ([27]) maidir le haicmiú na ngránach allmhairithe trí cháilíocht chaighdeánach.

Chun críoch na míre seo, ciallaíonn 'arbhar Indiach crua' grán buí den speiceas *Zea mays indurata* a chuireann a ghráin inspeirm ghloiní i láthair go príomha (uigeacht chrua nó gharbh). Bíonn dath oráiste nó dearg orthu de ghnáth. Ní thaispeánann an chuid uachtarach (os comhair an ghinidín), nó coróin, scoilt.

Is éard atá i ngráin ghloiní arbhair Indiaigh chrua gráin a chomhlíonann dhá chritéar:

(a) ní thaispeánann a gcoróin scoilt;

([26]) Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1).

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach (IO L 206, 30.7.2016, lch. 71).

(b) agus iad gearrtha ar a bhfad taispeánann á n-inspeirm cuid lárnach phlúrach a bhfuil cuid gharbh timpeall uirthi go hiomlán. Ní mór an chuid gharbh a beith ina phríomhchuid den dromchla gearrtha iomlán.

Bunófar céatadán an ghráin ghloiní trí chomhaireamh a dhéanamh i sampla ionadaíoch de 100 grán ar an líon a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear sa tríú fomhír.

Leagtar amach an modh tagartha chun an t-innéacs snámhachta a chinneadh le haghaidh arbhar Indiach crua in Iarscríbhinn XI.

4. Má thaispeántar leis na torthaí anailíseacha go bhfuil cáilíocht chaighdeánach níos ísle ag an gcruithneacht bhog, cruithneacht chrua agus arbhar Indiach crua ardcháilíochta allmhairithe ná a cuireadh isteach ar an dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas, íocfaidh an t-allmhaireoir an difríocht idir an dleacht allmhairiúcháin is infheidhme maidir leis an táirge a thaispeántar ar an dearbhú agus an dleacht allmhairiúcháin atá ar an táirge allmhairithe iarbhír. Sa chás sin, an ráthaíocht shonrach dá ndéantar foráil in Airteagal 17(4) den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/ … scaoilfear í, cé is moite den fhorlíonadh EUR 5 dá ndéantar foráil in Airteagal 7(2), an dara fomhír, den Rialachán Tarmligthe sin.

Mura n-íocfar an difríocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír laistigh d'aon mhí amháin, an ráthaíocht shonrach dá ndéantar foráil in Airteagal 17(4) den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 forghéillfear é.

5. Coinneofar samplaí ionadaíocha na ngránach allmhairithe a thóg údarás inniúil an Bhallstáit ar feadh 6 mhí.

ROINN 2

Allmhairí Iarmhar ón Monarú Stáirse Gráin Bhuí as na Stáit Aontaithe

Airteagal 22

Anailís saotharlainne

1. Déanfar anailís saotharlainne, faoi fhreagracht údarás inniúil an Bhallstáit, chun comhréireacht na n-iarmhar a fhíorú ón monarú stáirse gráin bhuí a allmhairíodh san Aontas ó na Stáit Aontaithe faoi réim chód AC 2309 90 20 agus sainmhíniú an chóid sin le haghaidh lastais uile nach ngabhann deimhniú arna eisiúint ag FGIS leo agus deimhniú arna eisiúint ag tionscal muilleála fliche na Stát Aontaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.

Féadfar na deimhnithe thuas a stóráil agus a chur ar fáil i gcóras leictreonach ELAN atá le bunú ag an gCoimisiún.

2. Beidh lastais ó Stáit Aontaithe Mheiriceá lena ngabhann an dá dheimhniú dá dtagraítear i mír 1 faoi réir na mbeart custaim chun allmhairí a sheiceáil.

ROINN 3

Nósanna Imeachta chun Seagal ón Tuirc a Allmhairiú

Airteagal 23

Cruthúnas ar íocaíocht an mhuirir speisialta onnmhairiúcháin

Cuirfidh an t-oibreoir cruthúnas gur íocadh an muirear speisialta onnmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2008/97 faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit allmhairiúcháin trí dheimhniú gluaiseachta A. TR a chur i láthair. Sa chás sin, déanfaidh an t-údarás inniúil an iontráil faoi seach dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo sa roinn 'Barúlacha'.

CAIBIDIL 3

SIÚCRA

Trádáil Le Tríú Tíortha san Earnáil Siúcra

Airteagal 24

Praghsanna ionadaíocha CAL a chinneadh le haghaidh siúcra bán agus siúcra amh

1. Cinnfidh an Coimisiún praghsanna ionadaíocha CAL le haghaidh siúcra bán agus siúcra amh ar bhonn na ndeiseanna ceannaigh is fabhraí ar an margadh domhanda.

2. Agus na ndeiseanna ceannaigh is fabhraí ar an margadh domhanda á mbunú, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil dó san áireamh, go háirithe:

(a) luachana ar mhalartáin atá tábhachtach don trádáil idirnáisiúnta siúcra;

(b) díolacháin a tugadh i gcrích i dtrádáil idirnáisiúnta.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 i gcás:

(a) nach bhfuil an siúcra de cháilíocht shlán agus chóir atá oiriúnach le díol; nó

(b) mura mbaineann an fhéidearthacht siúcra a fháil ag an bpraghas a léirítear sa tairiscint ach le méid beag nach bhfuil ionadaíoch ar an margadh; nó

(c) má théann treocht ghinearálta na bpraghsanna nó an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún i bhfeidhm ar an gCoimisiún glacadh leis nach bhfuil an praghas a léirítear sa tairiscint ionadaíoch ar threochtaí iarbhír an mhargaidh.

4. Agus na ndeiseanna ceannaigh is fabhraí ar an margadh domhanda á mbunú, féadfaidh an Coimisiún meán roinnt praghsanna a ríomh mar bhonn, ar choinníoll gur féidir a mheas go bhfuil an meán sin ionadaíoch ar threochtaí iarbhír an mhargaidh.

5. Ciallóidh praghsanna ionadaíocha le haghaidh siúcra bán agus siúcra amh ar an margadh domhanda nó ar mhargadh allmhairiúcháin an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 182(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 na praghsanna ionadaíocha CAL a bhunaítear i gcomhréir leis an Airteagal seo

6. Socrófar na praghsanna ionadaíocha CAL le haghaidh gach bliana margaíochta i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 183 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Féadfaidh an Coimisiún na praghsanna sin a leasú le linn na tréimhse sin má chruthaíonn luaineacht in eilimintí an ríomha ardú nó titim EUR 2.5 nó níos mó in aghaidh 100 cileagram i ndáil leis na praghsanna ionadaíocha CAL a socraíodh roimhe sin.

7. Is é an praghas ionadaíoch CAL le haghaidh táirgí siúcra a thagann faoi réim chód 1702 90 95 a bheidh sa phraghas ionadaíoch a shocraítear le haghaidh siúcra bán a chuirtear i bhfeidhm in aghaidh 1 % de chion siúcróis in aghaidh 100 cileagram glan den táirge atá i gceist.

Airteagal 25

Praghsanna ionadaíocha CAL a chinneadh le haghaidh moláis

1. Cinnfidh an Coimisiún praghsanna ionadaíocha CAL le haghaidh moláis ar bhonn na ndeiseanna ceannaigh is fabhraí ar an margadh domhanda.

2. Agus na ndeiseanna ceannaigh is fabhraí ar an margadh domhanda á mbunú, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil dó san áireamh, go háirithe:

(a) tairiscintí ar an margadh domhanda;

(b) díolacháin a tugadh i gcrích i dtrádáil idirnáisiúnta.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 i gcás:

(a) nach bhfuil na moláis de cháilíocht shlán agus chóir atá oiriúnach le díol; nó

(b) mura mbaineann an fhéidearthacht molás a fháil ag an bpraghas a léirítear sa tairiscint ach le méid beag nach bhfuil ionadaíoch ar an margadh; nó

(c) má théann treocht ghinearálta na bpraghsanna nó an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún i bhfeidhm ar an gCoimisiún glacadh leis nach bhfuil an praghas a léirítear sa tairiscint ionadaíoch ar threochtaí iarbhír an mhargaidh.

4. Agus na ndeiseanna ceannaigh is fabhraí ar an margadh domhanda á mbunú, féadfaidh an Coimisiún meán roinnt praghsanna a ríomh mar bhonn, ar choinníoll gur féidir a mheas go bhfuil an meán sin ionadaíoch ar threochtaí iarbhír an mhargaidh.

5. Ciallóidh praghsanna ionadaíocha le haghaidh moláis ar an margadh domhanda nó ar mhargadh allmhairiúcháin an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 182(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 na praghsanna ionadaíocha CAL a bhunaítear i gcomhréir leis an Airteagal seo.

6. Socrófar na praghsanna ionadaíocha CAL le haghaidh gach bliana margaíochta i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 183 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Féadfaidh an Coimisiún na praghsanna sin a leasú le linn na tréimhse sin má chruthaíonn luaineacht in eilimintí an ríomha ardú nó titim EUR 1.5 nó níos mó in aghaidh 100 cileagram i ndáil leis na praghsanna ionadaíocha CAL a socraíodh roimhe sin.

Airteagal 26

Dleachtanna breise allmhairiúcháin le haghaidh táirgí siúcra áirithe

I gcás ina bhforchuirfear iad, cuirfear na dleachtanna breise allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i bhfeidhm maidir leis na táirgí siúcra a thagann faoi réim chóid AC 1701 13 10, 1701 14 10, 1701 13 90, 1701 14 90, 1701 12 10, 1701 12 90, 1701 91 00, 1701 99 10, 1701 99 90 agus 1702 90 95.

Airteagal 27

Dleachtanna allmhairiúcháin breise le haghaidh moláis

I gcás ina bhforchuirfear iad, cuirfear na dleachtanna breise allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i bhfeidhm maidir le molás a thagann faoi réim chóid AC 1703 10 00 agus 1703 90 00.

Airteagal 28

Truicearphraghsanna le haghaidh táirgí siúcra áirithe

Le haghaidh 100 cileagram táirge glan siúcra, beidh an truicearphraghas dá dtagraítear in Airteagal 182(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 coibhéiseach le:

(a) EUR 53.10 le haghaidh siúcra bán a thagann faoi réim chóid AC 1701 99 10 agus 1701 99 90 den cháilíocht chaighdeánach dá dtagraítear i bPointe B II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(b) EUR 64.70 le haghaidh siúcra a thagann faoi réim chód AC 1701 91 00;

(c) EUR 54.10 le haghaidh amhshiúcra biatais a thagann faoi réim chód AC 1701 12 90 den cháilíocht chaighdeánach dá dtagraítear i bPointe B III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(d) EUR 41.30 le haghaidh amhshiúcra biatais a thagann faoi réim chód AC 1701 12 10 den cháilíocht chaighdeánach dá dtagraítear i bPointe B III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(e) EUR 55.20 le haghaidh siúcra cána amh a thagann faoi réim chóid AC 1701 13 90 agus 1701 14 90 den cháilíocht chaighdeánach dá dtagraítear i bPointe B III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(f) EUR 41.80 le haghaidh siúcra cána amh a thagann faoi réim chóid AC 1701 13 10 agus 1701 14 10 den cháilíocht chaighdeánach dá dtagraítear i bPointe B III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(g) EUR 1.184 le haghaidh táirgí a thagann faoi réim chód AC 1702 90 95 in aghaidh 1 % de chion siúcróis.

Airteagal 29

Truicearphraghsanna le haghaidh moláis

Le haghaidh 100 cileagram moláis den cháilíocht chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán seo, beidh an truicearphraghas dá dtagraítear in Airteagal 182(1), an chéad fhomhír, pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 coibhéiseach le:

(a) EUR 7.90 le haghaidh moláis a thagann faoi réim chód AC 1703 10 00;

(b) EUR 8.20 le haghaidh moláis a thagann faoi réim chód AC 1703 90 00.

Airteagal 30

Forálacha maidir le cruthúnais, ráthaíocht, scaoileadh na ráthaíochta agus aisghabháil dleachtanna allmhairiúcháin

1. Bunófar méid na ndleachtanna breise allmhairiúcháin le haghaidh gach cineáil moláis dá dtagraítear in Airteagal 26 agus na dtáirgí siúcra dá dtagraítear in Airteagal 27 ar bhonn phraghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta atá i gceist i gcomhréir le hAirteagal 33.

Le haghaidh moláis, comhshófar praghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta atá i gceist go praghas an mholáis de cháilíocht chaighdeánach i gcomhréir le hAirteagal 32.

Le haghaidh siúcra bán agus siúcra amh, comhshófar praghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta atá i gceist go dtí an praghas coibhéiseach siúcra de cháilíocht chaighdeánach a shainmhínítear, faoi seach, i bPointe B II agus III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó an praghas coibhéiseach le haghaidh an táirge a thagann faoi réim chód AC 1702 90 95, de réir mar a bheidh.

2. I gcás ina bhfuil an praghas allmhairiúcháin CAL in aghaidh 100 cileagram coinsíneachta níos airde ná an praghas ionadaíoch CAL is infheidhme a chinntear i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25, cuirfidh an t-allmhaireoir na cruthúnais seo a leanas ar a laghad faoi bhráid údaráis chustaim an Bhallstáit allmhairiúcháin:

(a) an conradh ceannaigh, nó aon doiciméad coibhéiseach eile;

(b) an conradh árachais le haghaidh na coinsíneachta;

(c) an sonrasc;

(d) an deimhniú tionscnaimh (i gcás inarb infheidhme);

(e) an conradh iompair;

(f) i gcás muiriompair, an bille luchta.

Chun praghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta atá i gceist a fhíorú, féadfaidh údaráis an Bhallstáit allmhairiúcháin aon fhaisnéis agus doiciméad eile a mheasann siad a mbeidh gá leo a éileamh.

3. Sa chás dá dtagraítear i mír 2, soláthróidh an t-allmhaireoir ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagail 89 go 100 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ráthaíocht atá cothrom leis an difríocht idir méid na dleachta breise allmhairiúcháin a ríomhtar ar bhonn phraghas ionadaíoch CAL is infheidhme maidir leis an táirge atá i gceist agus méid na dleachta breise allmhairiúcháin a ríomhtar ar bhonn phraghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta atá i gceist.

4. Beidh 2 mhí ag an allmhaireoir ó dhíol na dtáirgí atá i gceist, faoi réir teorainn 9 mí ó dháta glactha an dearbhaithe maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, chun a chruthú gur diúscraíodh an choinsíneacht faoi choinníollacha lena ndeimhnítear cruinneas na faisnéise dá dtagraítear i mír 2. Mura gcomhlíonfar ceann amháin nó ceann eile de na sprioc-amanna sin, caillfear an ráthaíocht a soláthraíodh. Féadfaidh na húdaráis chustaim síneadh 3 mhí ar a mhéad a chur leis an teorainn ama de 9 mí, áfach, tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón allmhaireoir. Má tá na táirgí faoin nós imeachta úsáide deiridh, beidh feidhm ag Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Scaoilfear an ráthaíocht a soláthraíodh i gcomhréir le mír 3 a mhéid a sholáthrófar cruthúnas ar choinníollacha na diúscartha chun sástacht na n-údarás custaim. Ina mhalairt de chás, forghéillfear an ráthaíocht trí bhíthin íocaíocht na ndleachtanna breise allmhairiúcháin.

5. Má shuíonn na húdaráis chustaim, tráth an fhíorúcháin, nár comhlíonadh ceanglais an Airteagail seo, aisghabhfaidh siad an dleacht dlite i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Áireofar le méid na dleachta atá le haisghabháil nó atá fós le haisghabháil ús ón dáta a scaoileadh na táirgí i saorchúrsaíocht suas le dáta na haisghabhála. Is é an ráta úis a chuirfear i bhfeidhm an ráta úis atá i bhfeidhm le haghaidh oibríochtaí aisghabhála faoin dlí náisiúnta.

Airteagal 31

Cáilíocht chaighdeánach an mholáis

Maidir leis an molás de cháilíocht chaighdeánach:

(a) beidh sé de cháilíocht shlán agus chóir atá oiriúnach le díol;

(b) beidh méid iomlán siúcra 48 % aige.

Airteagal 32

Coigeartuithe phraghsanna allmhairiúcháin CAL chuig an gcáilíocht chaighdeánach le haghaidh moláis

Maidir le praghsanna allmhairiúcháin CAL le haghaidh moláis nach mbaineann leis an gcáilíocht chaighdeánach:

(a) méadófar iad leis a haon ar dhaichead a hocht le haghaidh gach pointe céatadáin de mhéid siúcra i gcás ina bhfuil méid siúcra an mholáis lena mbaineann níos lú ná 48 %;

(b) laghdófar iad leis a haon ar dhaichead a hocht le haghaidh gach pointe céatadáin de mhéid siúcra i gcás ina bhfuil méid siúcra an mholáis lena mbaineann níos mó ná 48 %.

Airteagal 33

Ríomh na dleachta breise allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagail 26 agus 27

I gcás ina bhfuil an difríocht idir an truicearphraghas a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 28 le haghaidh táirgí siúcra áirithe agus i gcomhréir le hAirteagal 29 le haghaidh moláis agus praghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta atá i gceist:

(a) 10 % nó níos lú ná an truicearphraghas, beidh an dleacht bhreise cothrom le nialas;

(b) níos mó ná 10 % ach níos lú ná 40 % den truicearphraghas nó cothrom leis, beidh an dleacht bhreise cothrom le 30 % den mhéid de bhreis ar 10 %;

(c) níos mó ná 40 % ach níos lú ná 60 % den truicearphraghas nó cothrom leis, beidh an dleacht bhreise cothrom le 50 % den mhéid de bhreis ar 40 %, lena gcuirfear an dleacht bhreise dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) níos mó ná 60 % ach níos lú ná 75 % den truicearphraghas nó cothrom leis, beidh an dleacht bhreise cothrom le 70 % den mhéid de bhreis ar 60 %, lena gcuirfear na dleachtanna breise dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c);

(e) níos mó ná 75 % den truicearphraghas, beidh an dleacht bhreise cothrom le 90 % den mhéid de bhreis ar 75 %, lena gcuirfear na dleachtanna breise dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d).

Airteagal 34

Coigeartú ar an dleacht allmhairiúcháin le haghaidh siúcra amh allmhairithe

Má tá difríocht idir táirgeacht an tsiúcra amh allmhairithe a chinntear i gcomhréir le Pointe B III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus an táirgeacht a shocraítear don cháilíocht chaighdeánach, ríomhfar an dleacht allmhairiúcháin le haghaidh táirgí a thagann faoi réim chóid AC 1701 12 10, 1701 13 10 agus 1701 14 10, agus an dleacht bhreise le haghaidh táirgí a thagann faoi réim chóid AC 1701 12 10, 1701 12 90, 1701 13 10, 1701 13 90, 1701 14 10 agus 1701 14 90 atá le tobhach in aghaidh 100 cileagram den siúcra amh sin tríd an dleacht chomhfhreagrach a shocraítear le haghaidh siúcra den cháilíocht chaighdeánach a iolrú faoi chomhéifeacht cheartúcháin. Gheofar an chomhéifeacht cheartúcháin trí chéatadán tháirgeacht an tsiúcra amh allmhairithe a roinnt ar 92.

CAIBIDIL 4

LEANNLUSANNA

Allmhairí Táirgí na hEarnála Leannlusanna

Airteagal 35

Ábhar

1. Beidh teacht i saorchúrsaíocht san Aontas de tháirgí na hearnála leannlusanna ó thríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 coinníollach ar chruthúnas a chur ar fáil gur comhlíonadh na ceanglais a shonraítear in Airteagal 190(1) den Rialachán sin.

2. Cuirfear an cruthúnas dá dtagraítear i mír 1 ar fáil trí chur i láthair an fhianaithe dá ndéantar foráil in Airteagal 190(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ('fianú coibhéise').

Airteagal 36

Úsáid na dtéarmaí

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'coinsíneacht' cainníocht táirge ag a bhfuil na saintréithe céanna agus a sheol an coinsíneoir céanna an tráth céanna chuig an gcoinsíní céanna.

Chun críocha na Caibidle seo, áirítear le táirgí na hearnála leannlusanna buaircíní leannlusanna cód AC: 1210 10, púdair nó millíní leannlusanna cód AC: 1210 20, súnna agus úisc leannlusanna cód AC: 1302 13 00.

Airteagal 37

Gníomhaireachtaí atá údaraithe chun fianú coibhéise a eisiúint

1. Fianuithe coibhéise a ghabhann le leannlusanna agus táirgí leannlusanna allmhairithe, eiseoidh gníomhaireacht ar údaraigh an tríú tír thionscnaimh í nó, i gcás nach ann don ghníomhaireacht sa tír thionscnaimh, gníomhaireacht a údaraíodh cheana féin lasmuigh de thír thionscnaimh an táirge.

2. Ar bhonn fógraí ó na húdaráis inniúla tríú tíortha de bhun Airteagal 190 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tarraingeoidh an Coimisiún suas agus tabharfaidh sé cothrom le dáta liosta gníomhaireachtaí atá údaraithe fianuithe coibhéise a eisiúint i dtír thionscnaimh an táirge leannlusanna, ar a mbeidh ainm, seoladh poist agus ríomhphoist na ngníomhaireachtaí sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún ainm agus seoladh na ngníomhaireachtaí a bhfuil fógra tugtha fúthu ag na húdaráis inniúla tríú tíortha ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin.

Airteagal 38

Fianú coibhéise tháirgí allmhairithe na hearnála leannlusanna

1. Eiseofar an fianú coibhéise le haghaidh gach coinsíneachta agus is éard a bheidh ann bunchóip agus cóip le tarraingt suas ar fhoirm a chomhfhreagraíonn don tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV agus i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI.

2. Ní bheidh an fianú coibhéise bailí ach amháin má líonfar isteach go cuí é agus má fhíordheimhneoidh gníomhaíocht go cuí é, is é sin ceann de na ghníomhaireachtaí dá dtagraítear sa liosta a tharraing an Coimisiún suas agus a chuir sé ar fáil go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 38(3).

3. Fianú coibhéise a fíordheimhníodh go cuí is ea ceann a thaispeánann an áit agus an dáta eisiúna, agus a síníodh agus ar a bhfuil stampa nó ríomhshíniú na gníomhaireachta eisiúna.

Féadfar an fianú coibhéise a stóráil agus a chur ar fáil i gcóras leictreonach ELAN atá le bunú ag an gCoimisiún.

Airteagal 39

Lipéadú phacáistíocht tháirgí na hearnála leannlusanna

1. Beidh na sonraí seo a leanas ar gach aonad pacáistíochta a gcumhdaíonn fianú coibhéise é i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais:

(a) tuairisc ar an leannlus nó táirge leannlusanna;

(b) an cineál nó na cineálacha;

(c) an tír thionscnaimh;

(d) na marcálacha agus uimhreacha a léirítear i roinn 9 den fhianú coibhéise nó den sliocht.

2. Taispeánfar na sonraí dá bhforáiltear i mír 1 i gcarachtair inléite dhoscriosta de mhéid aonfhoirmeach ar an taobh amuigh den phacáiste.

Airteagal 40

Nós imeachta custaim agus fianuithe coibhéise a choimeád

Maidir le táirgí na hearnála leannlusanna, agus iad á gcur faoi bhráid na n-údarás custaim i gcomhréir le hAirteagal 139 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 nó ar a dhéanaí roimh iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas, cuirfear bunchóip an fhianaithe coibhéise ghaolmhair faoi bhráid na n-údarás custaim a chomhshíneoidh agus a choimeádfaidh é.

Tarchuirfidh na húdaráis chustaim, i gcás ina mbeidh fáil air sin, cóip leictreonach an fhianaithe coibhéise chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina dtugtar an táirge isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

Cuirfear cóip den fhianú coibhéise comhshínithe a d'eisigh údarás inniúil an tríú tír ar ais chuig an allmhaireoir, agus ní mór dó é a choimeád ar feadh 3 bliana ar a laghad.

Airteagal 41

Coinsíneachtaí táirgí leannlusanna a roinnt roimh iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas

1. I gcás ina roinntear agus ina n-athsheoltar coinsíneacht a gcumhdaíonn fianú coibhéise í roimh a teacht i saorchúrsaíocht san Aontas, tarraingeofar sliocht fianaithe suas i leith gach coinsíneachta nua a eascraíonn as an roinnt sin.

Cuirfear an líon sleachta fianaithe is gá in ionad an fhianaithe coibhéise.

Déanfaidh an páirtí lena mbaineann gach sliocht fianaithe a tharraingt suas i mbunchóip ar fhoirm a chomhfhreagraíonn don tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XV agus i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI agus seolfar chuig na húdaráis chustaim é.

2. Dá réir sin, formhuineoidh na húdaráis chustaim bunchóip an fhianaithe coibhéise agus comhshíneoidh siad bunchóip an tsleachta.

Chun na críche sin, líonfaidh na húdarás custaim na cainníochtaí a léirítear sna sleachta isteach sna ranna a sholáthraítear chuige sin ar an bhfianú coibhéise agus deimhneoidh siad an iontráil nó deimhneoidh siad, i gcás dá bhforáiltear trí fhorálacha riaracháin náisiúnta, na cainníochtaí a léirigh an dearbhóir sna ranna ábhartha.

Coinneoidh na húdaráis chustaim bunchóip an fhianaithe coibhéise fhormhuinithe agus an tsleachta chomhshínithe, seolfaidh siad cóip den fhianú formhuinithe agus gach sliocht comhshínithe chuig údarás inniúil deimhniúcháin an Bhallstáit agus cuirfidh siad cóip de gach sliocht ar ais chuig an t-oibreoir lena mbaineann.

Airteagal 42

Coinsíneachtaí táirgí leannlusanna a roinnt tar éis a dteacht i saorchúrsaíocht san Aontas

Má athdhíoltar nó má roinntear coinsíneacht táirgí den earnáil leannlusanna tar éis í a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas, ní mór sonrasc nó doiciméad tráchtála eile a tharraing suas an díoltóir a bheith i gceangal leis an táirge, lena dtugtar uimhir thagartha an fhianaithe coibhéise nó an tsleachta, in éineacht le hainm an údaráis a d'eisigh iad.

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas ón bhfianú coibhéise nó, de réir mar a bheidh, ón sliocht ar an sonrasc nó doiciméad tráchtála:

(a) le haghaidh buaircíní leannlusanna:

  (i) an tuairisc ar an táirge;

  (ii) an t-ollmheáchan;

  (iii) an láthair táirgthe;

  (iv) an bhliain bhuainte;

  (v) an cineál;

  (vi) an tír thionscnaimh;

  (vii) na marcálacha agus na huimhreacha aitheantais a leagtar amach i roinn 9 den fhianú coibhéise;

(b) le haghaidh táirgí leannlusanna, sa bhreis ar na sonraí a liostaítear faoi phointe (a): an áit agus an dáta próiseála.

Airteagal 43

Rialuithe ar tháirgí allmhairithe na hearnála leannlusanna agus tuairisciú

1. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha go tráthrialta ar bhonn randamach chun a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirgí leannlusanna faoi réim chód AC 1210 a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais chun a bheith allmhairithe de bhun Airteagal 190 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 na híoscheanglais mhargaíochta le haghaidh buaircíní leannlusanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006 ([28]) ón gCoimisiún chun na gcríoch sin.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, gach bliain faoin 30 Meitheamh, minicíocht, cineál agus torthaí na seiceálacha a rinneadh le linn na bliana roimh an dáta sin. Cumhdófar leis na seiceálacha 5 % ar a laghad de líon na gcoinsíneachtaí leannlusanna a raibh coinne leo go n-allmhaireofaí iad ó thríú tír isteach sa Bhallstát atá i gceist le linn na bliana.

([28]) Rialachán (CE) Uimh. 1850/2006 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh deimhniúchán leannlusanna agus táirgí leannlusanna (IO L 355, 15.12.2006, lch. 72).

3. Má shuíonn údaráis inniúla na mBallstát nach gcomhlíonann na samplaí scrúdaithe na híoscheanglais mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar na coinsíneachtaí comhfhreagracha a mhargú san Aontas.

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 44

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 7ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Iontrálacha dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (b)

— I mBulgáiris: ориз басмати с код по КН 1006 20 17 или 1006 20 98, внесен с нулева ставка на митото в съответствие с Делегиран регламент (ЕС) на Комисията 2023/2835 и Регламент за изпълнение (ЕС) на Комисията 2023/2834, придружен от сертификат за автентичност № …, издаден от [наименование на компетентния орган]

— I Spáinnis: arroz Basmati de los códigos NC 1006 20 17 o 1006 20 98 e importado con un tipo de derecho nulo en virtud del Reglamento Delegado (UE) 2023/2835 de la Comisión y del Reglamento de Ejecución (UE) 2023/2834 de la Comisión, acompañado del certificado de autenticidad n.°... expedido por [nombre de la autoridad competente]

— I Seicis: rýže Basmati kódu KN 1006 20 17 nebo 1006 20 98, která se dováží za nulové clo na základě nařízení Komise v přenesené pravomoci (EU) 2023/2835 a prováděcího nařízení Komise (EU) 2023/2834 , a ke které se připojí osvědčení o pravosti č. … vydané [název příslušného subjektu]

— I nDanmhairgis: Basmati-ris henhørende faoi KN-kode 1006 20 17 eller 1006 20 98 og importeret med nultold i henhold til Kommissionens delegerede forordning (EU) 2023/2835 og Kommissionens gennemførelsesforordning (EU) 2023/2834, ledsaget af ægthedscertifikat nr. … udstedt af [den kompetente myndigheds navn]

— I nGearmáinis: Basmati-Reis des KN-Codes 1006 20 17 oder 1006 20 98, eingeführt zum Zollsatz Null gemäß der Delegierten Verordnung (EU) 2023/2835 der Kommission und der Durchführungsverordnung (EU) 2023/2834 der Kommission und begleitet vom Echtheitszeugnis Nr.…, ausgestellt durch [Name der zuständigen Behörde]

— In Eastóinis: CN-koodi 1006 20 17 või 1006 20 98 alla kuuluv basmati riis, mida imporditakse tollimaksu nullmääraga vastavalt komisjoni delegeeritud määrusele (EL) 2023/2835 ja komisjoni rakendusmäärusele (EL) 2023/2834 ning millele on lisatud [pädeva asutuse nimi] koostatud autentsussertifikaat nr..

— I nGréigis: Ρύζι μπασμάτι του κωδικού ΣΟ 1006 20 17 ή 1006 20 98 εισαγόμενο με μηδενικό δασμό κατ' εφαρμογή του κατ' εξουσιοδότηση κανονισμού (ΕΕ) 2023/2835 της Επιτροπής και του εκτελεστικού κανονισμού (ΕΕ) 2023/2834 της Επιτροπής, συνοδευόμενο από το πιστοποιητικό γνησιότητας αριθ. … που εκδόθηκε από την/τον [ονομασία της αρμόδιας αρχής]

— I mBéarla: basmati rice falling within code of CN 1006 20 17 or 1006 20 98 and imported at a zero rate of duty under Commission Delegated Regulation (EU) 2023/2835 and Commission Implementing Regulation (EU) 2023/2834, accompanied by authenticity certificate No … drawn up by [name of the competent authority]

— I bhFraincis: riz Basmati du code NC 1006 20 17 ou 1006 20 98 importé à droit nul en application du règlement délégué (UE) 2023/2835 de la Commission et du règlement d'exécution (UE) 2023/2834 de la Commission, accompagné du certificat d'authenticité n° … établi par [nom de l'autorité compétente]

— I nGaeilge: rís Basmati atá faoi chód AC 1006 20 17 nó 1006 20 98 agus a allmhairítear ar ráta nialasach dleachta faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún, a mbeidh deimhniú barántúlachta Uimh. ... arna tharraingt suas ag [ainm an údaráis inniúil] ag gabháil léi

— I gCróitis: basmati riža oznake KN 1006 20 17 ili 1006 20 98 i uvezena uz nultu stopu carine u skladu s Delegiranom uredbom Komisije (EU) 2023/2835 i Provedbenom uredbom Komisije (EU) 2023/2834 , popraćena potvrdom o autentičnosti br. … koju je izdao [naziv nadležnog tijela]

— In Iodáilis: Riso Basmati di cui al codice NC 1006 20 17 o 1006 20 98 importato a dazio zero ai sensi del regolamento delegato (UE) della Commissione 2023/2835 e del regolamento di esecuzione (UE) della Commissione 2023/2834 corredato del certificato di autenticità n. … rilasciato da [nome dell'autorità competente]

— I Laitvis: basmati rīsi ar KN kodu 1006 20 17 vai 1006 20 98, kas importēti ar nulles nodokļa likmi saskaņā ar Komisijas Deleģēto regulu (ES) 2023/2835 un Komisijas Īstenošanas regulu (ES) 2023/2834 un kam pievienota [kompetentās iestādes nosaukums] sagatavota autentiskuma apliecība Nr. ....

— I Liotuáinis: Basmati ryžiai, kurių KN kodas 1006 20 17 arba 1006 20 98 ir kurie importuoti taikant nulinę muito normą pagal Komisijos deleguotąjį reglamentą (ES) 2023/2835ir Komisijos įgyvendinimo reglamentą (ES) 2023/2834, prie kurių pridėtas 2023/2834 parengtas autentiškumo sertifikatas Nr. …

— In Ungáiris: az 1006 20 17 vagy az 1006 20 98 KN-kód alá sorolt, az (EU) 2023/2835 felhatalmazáson alapuló bizottsági rendelet és az (EU) 2023/2834 bizottsági végrehajtási rendelet alkalmazásában nulla vámtétel mellett behozott basmati rizs, a/az [illetékes hatóság neve] által kiállított, … számú eredetiségigazolással együtt

— I Máltais: ross Basmati li jaqa' taħt il-kodiċi NM 1006 20 17 jew 1006 20 98 u importat b'rata ta' dazju żero skont ir-Regolament Delegat tal-Kummissjoni (UE) 2023/2835 u r-Regolament ta' Implimentazzjoni tal-Kummissjoni (UE) 2023/2834, akkumpanjat miċ-ċertifikat ta' awtenticità Nru... imfassal minn [isem l-awtorità kompetenti]

— In Ollainnis: basmati-rijst van GN-code 1006 20 17 of 1006 20 98, ingevoerd met nulrecht overeenkomstig Gedelegeerde Verordening (EU) 2023/2835 van de Commissie en Uitvoeringsverordening (EU) 2023/2834 van de Commissie, vergezeld van het echtheidscertificaat nr. …, opgesteld door [naam van de bevoegde instantie]

— I bPolainnis: ryż Basmati objęty kodem CN 1006 20 17 lub 1006 20 98 i przywożony z zastosowaniem zerowej stawki celnej zgodnie z rozporządzeniem delegowanym Komisji (UE) 2023/2835 i rozporządzeniem wykonawczym Komisji (UE) 2023/2835 , któremu towarzyszy świadectwo autentyczności nr... sporządzone przez [ainm an údaráis inniúil]

— I bPortaingéilis: arroz basmáti do código NC 1006 20 17 ou 1006 20 98 e importado com um direito nulo ao abrigo do Regulamento Delegado (UE) 2023/2835 da Comissão e do Regulamento de Execução (UE) 2023/2834 da Comissão, acompanhado do certificado de autenticidade n.°..., emitido por [nome da autoridade competente]

— I Rómáinis: orez Basmati de la codul NC 1006 20 17 sau 1006 20 98 importat cu o rată a taxelor vamale egală cu zero în temeiul Regulamentului delegat (UE) 2023/2835 al Comisiei și al Regulamentului de punere în aplicare (UE) 2023/2834 al Comisiei, însoțit de certificatul de autenticitate nr. … întocmit de [denumirea autorității competente]

— I Slóvaicis: ryža Basmati s kódom KN 1006 20 17 alebo 1006 20 98 dovážaná s nulovou sadzbou cla v súlade s delegovaným nariadením Komisie (EÚ) 2023/2835 a prováděcího nařízení Komise (EU) 2023/2834 , sprevádzaná osvedčením o pravosti č. … vystavenom [názov príslušného orgánu]

— I Slóivéinis: Riž basmati iz oznake KN 1006 20 17 ali 1006 20 98, uvožen po stopnji nič v skladu z Delegirano uredbo Komisije (EU) 2023/2835 in Izvedbeno uredbo Komisije (EU) 2023/2834 , s priloženim potrdilom o pristnosti št. …, ki ga je izdal [naziv pristojnega organa]

— I bhFionlainnis: komission delegoidun asetuksen EU 2023/2835 ja komission täytäntöönpanoasetuksen 2023/2834 mukaisesti tullivapaasti tuotu CN-koodiin 1006 20 17 tai 1006 20 98 kuuluva Basmati-riisi, jonka mukana on [toimivaltaisen viranomaisen nimi] myöntämä aitoustodistus nro…

— I Sualainnis: Basmatiris med KN-nummer 1006 20 17 eller 1006 20 98 som importeras tullfritt i enlighet med kommissionens delegerade förordning (EU) 2023/2835 och kommissionens genomförandeförordning (EU) 2023/2834 , åtföljt av äkthetsintyg nr … som utfärdats av [den behöriga myndighetens namn].

IARSCRÍBHINN II

Deimhniú samplach barántúlachta dá dtagraítear in Airteagal 9(1)

Beidh an fhoirm seo thart ar 210 × 297 milliméadar ar méid.. Déanfar an bhunchóip a tharraingt suas ar pháipéar a thaispeánfaidh aon chur isteach le modh meicniúil nó ceimiceach.

Déanfar na foirmeacha a chur i gcló agus a líonadh isteach i mBéarla.

Beidh an leagan bunaidh agus an leagan dúbailte de sin clóscríofa nó lámhscríofa. Sa chás deireanach sin, líonfar isteach iad le dúch agus i mbloclitreacha.

Beidh sraithuimhir ar gach deimhniú barántúlachta sa bhosca ar thaobh na láimhe deise ar bharr. Beidh an uimhir chéanna ar an leagan dúbailte agus atá ar an leagan bunaidh.

<table>
<tr><td>1. Exporter (Name and full address)</td><td colspan="2" rowspan="2">CERTIFICATE OF AUTHENTICITY

BASMATI RICE

for export to the European Union

No (1) ORIGINAL

issued by (Name and full address of issuing body)</td></tr>
<tr><td>2. Consignee (Name and full address)</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">3. Country and place of cultivation</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">4. FOB value in US dollars</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">5. Number and date of invoice</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="2">6. Marks and numbers — Number and kind of packages — Description of goods (2)</td><td>7. Gross weight (kg)</td></tr>
<tr><td>8. Net weight (kg)</td></tr>
<tr><td colspan="3">9. DECLARATION BY EXPORTER

The undersigned declares that the information shown above is correct.

Place and date: Signature:</td></tr>
<tr><td colspan="3">10. CERTIFICATION BY THE ISSUING BODY

It is hereby certified that the rice described above is BASMATI RICE and that the information shown in this certificate is correct.

Place and date: Signature: Stamp:</td></tr>
<tr><td colspan="3">11. CERTIFICATION BY COMPETENT CUSTOMS OFFICE OF COUNTRY OF EXPORT
Customs formalities for export to the European Union of the rice described above have been completed.

Type, number and date of export document: Name and country of customs office:

Signature: Stamp:</td></tr>
</table>

12. FOR COMPETENT AUTHORITIES IN THE UNION

([1]) The number of the certificate of authenticity shall be a number of a continuous series given by the country delivering the certificate.

([2]) The operator shall specify
- for marks and numbers: the reference and number of the batch
- for number and kind of packages: the number and weight of packages
- for the description of goods: the information on the rice, the CN code as well as the variety or varieties, which shall be on the list provided for in Commission Delegated Regulation (EU) 2023/2835 .The description of goods should correspond to the information included in the invoice, the number and date of which is specified in box 5.

N. *B.:* This certificate is issued in conformity with the national legislation.

IARSCRÍBHINN III

Iontrálacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (b)

